

**Ábhar**

**An Léann Daonna**

**Mír Físe**

**An tOllamh Alan Titley ag labhairt faoin Léann Daonna**

**Téacs Léitheoireachta**

**Alt leis an Ollamh Alan Titley, *The Irish Times*: 28 Deireadh Fómhair 2010**

**Le caoinchead ó *The Irish Times* agus ón údar**

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



An Mheitheal um Theagasc  
na Gaeilge ar an Triú Leibhéal

# An Léann Daonna

## Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt ina ndéanann an tOllamh Alan Titley cur síos ar an tuiscint atá aige ar an Léann Daonna. Ansin beidh tú ag féachaint ar mhír físe ina ndéanann sé cur síos ó bhéal ar ábhar an ailt. Ar dtús déan an réamhobair seo:

- Cé acu is fearr leat – alt a léamh nó féachaint ar mhír físe? Cé acu is éasca, dar leat? Pléigh le do pháirtí.
- Cén tuiscint atá agat féin ar an léann daonna? Pléigh agus scríobh sainmhíniú.
- An bhfuil difear idir na focail seo? Má tá, mínigh cad é. ‘na daonnachtaí’, ‘na healaíona’, ‘na dána’.
- Cén Ghaeilge a bheadh agat ar na focail seo: *the arts, the liberal arts, humanities, art, the art class, an arts degree, an art degree*? Bain úsáid as an acmhainn chuí chun cabhrú leat.

## Léamh agus Éisteacht

- Léigh an t-alt agus marcáil aon deacrachtaí tuisceana a bhíonn agat chun iad a phlé le mac léinn eile.
- Dá mbeadh ort achoimre ghearr (trí abairt nó mar sin) a scríobh ar ábhar an ailt, cad a scríobhfá? Dréachtaigh an achoimre.
- Anois féach ar an mír físe agus pléigh na ceisteanna seo.
  - o Cé acu b’fhusa a thuiscint, dar leat – an mhír físe nó an téacs? Conas a thacaigh an dá cheann lena chéile?
  - o Cén úsáid a bhaineann Alan Titley as na samplaí seo chun tacú leis an méid atá á rá aige sa mhír físe?

Aogán Ó Rathaille  
Seán Ó Ríordáin  
an fhealsúnacht  
an Eoraip

## Feasacht Teanga

- Cuir an réimír ‘ró-’ roimh na focail seo a leanas:  
  
lárnach, luachmhar, aisteach, iontach, leamh, áiféiseach, gránna, crosta, dainséarach
- Tá na focail seo ar fad le feiceáil san alt. An féidir leat an t-alt a chur rompu?  
  
eacnamaíocht                  ponc

freagra	pointe
uimhríocht	polaitíocht
aimhleas	baincéireacht
anachain	eacnamaíocht
marc	oideachas

- Seo thíos focail as an alt agus focail eile atá cosúil leo ó thaobh litrithe de ach difriúil ó thaobh foghraíochta de. An féidir leat na difríochtaí fuaimne a rá? Déan iarracht cur síos a dhéanamh ar na tréithe foghraíochta atá i gceist.

deara	dara	
geal	gal	
lae	léi	
deimhin	domhain ( <i>deep</i> )	domhain (ar fud an domhain)
thuas	thús	
figiúir	figiúr	
fál	feall	

- ‘...ach ní fhaca Freud féin go *rabhtas* ag teacht faoina dhéin mar Ghiúdach...’

Cén aimsir atá i gceist sa chló iodálach thuas? Pléigh agus cuir an aimsir chéanna i bhfeidhm ar na briathra idir lúibíní thíos.

níor thuig sé (go + abair) mórán faoi  
bhí a fhios agam (go + clois) ag caint iad  
ní fhaca sé (go + déan) an obair  
chuala sé (go + faigh) an t-airgead  
dúradar (go + feic) ag teacht é  
dúradh (go + tar) ag triall air

- ‘*táid* ar fad snaidhmthe le chéile’

Cén ghné den bhriathar atá sa fhrása thuas? Cén chanúint lena mbaineann an ghné áirithe sin? An féidir leat samplaí eile a chur ar fáil?

Cén chuid den teanga atá i gceist le ‘snaidhmthe’? Cuir an leagan céanna de na briathra seo ar fáil:

nasc                  fáisc                  beir                  téigh                  tréig

- ‘...dá fheabhas iad na sumanna is ea is fearr an eacnamaíocht...’

dá (tríoblóideach) iad na páistí sin is ea is (olc) na páistí eile  
dá (costasach) an leabhar sin is ea is (daor) fós an leabhar eile  
dá (beag) an méid aistí atá le déanamh sa chéad bhliain, is ea is (beag) fós atá le déanamh sa dara bliain.

Conas a chuirfeá Béarla ar na habairtí thuas?

- Cad é an leagan caighdeánach de na frásaí seo a deirtear sa téipscript?

an té ná tuigfeadh                      an té ná blaisfeadh  
canathaobh ná baineann an Mharóic leis an nGréig?

## Iarobair

- Mar chuid de do chúrsa léinn an mbíonn deis agat staidéar a dhéanamh ar aon cheann de na nithe / daoine thíos a luann Alan Titley? Pléigh.

an fhealsúnacht  
Aogán Ó Rathaille  
Seán Ó Ríordáin  
an Seacaibíteachas  
na hEisithe  
Nietzsche

- ‘Ach ní féidir dul síite sna dána gan a lánfhios a bheith agat go bhfuil na dána eile ann’. An mbraitheann tú go bhfuil tuiscint á fáil agatsa ar ‘na dána eile’ mar chuid de do chúrsa céime? Pléigh.
- Cad iad na cúrsaí is mó a thaitin leat go dtí seo sna trí bliana de do chéim? Pléigh le do pháirtí. Ansin roghnaigh ceann amháin de na cúrsaí sin agus lig ort go bhfuil sé i gceist ag an Roinn an cúrsa a fhágáil ar lár an bhliain seo chugainn. Scríobh áiteamh oiriúnach go dtí an Ceann Roinne ar son an chúrsa a choimeád.  
nó
- Dá mbeadh ort cúrsa nua a dhearadh, cad é an t-ábhar a roghnófá? Scríobh áiteamh oiriúnach go dtí an Ceann Roinne ar son an chúrsa a chur ar bun.

## Téipscript

*Dúiris gurb é an rud atá sa Léann Daonna ná slabhra a cheanglaíonn ár gcuid tuiscintí le chéile. Cad a bhí i gceist agat leis sin?*

Bhuel is dóigh liom gurb é atá i gceist agam le slabhra sa chás seo ná má thógann tú aon cheann den Léann Daonna ina aonar – ní féidir é a mhíniú ná a chiallú gan a bheith ag cuimhneamh ar na cinn eile. Agus ar ndóigh, nuair a luaimid an Léann Daonna de ghnáth, ceaptar go bhfuil daoine a bhíonn ag plé leis an Léann Daonna níos daonna ná na daoine ná bíonn ag plé leis an Léann Daonna agus tá a fhios againn ná fuil sé sin fíor beag ná mór. Dá bhrí sin níl le cuimhneamh ach abair leithéidí Mengele, an Naitsíoch go raibh an-dúil ar fad aige sa cheol – sa cheol clasaiceach go háirithe – nó go deimhin féin ár gcara William Butler Yeats a raibh claonta faisisteacha aige ar feadh píosa ar aon tslí, nó go deimhin T.S. Eliot a bhí frith-Ghiúdach a deirtear linn chomh maith céanna agus d’fhéadfá gabháil tríothu an t-am go léir. Agus a rá, féach, seo daoine a bhí sáite sa Léann Daonna, a bhí sáite sa bhfilíocht, nó sa cheol, go raibh ana-mheas acu ar cheann amháin díobh. Ach níor dhein sé na daoine san aon phioc níos daonna más maith leat, nó níos báúla le daoine. Dá bhrí sin, cad é atá ann? Agus sé an rud a bhíos ag iarraidh a chiallú ná abair, cuir i gcás go bhfuil tú ag plé le gné ar bith den Léann Daonna... cuir i gcás filíocht na Gaeilge agus dá bhrí sin Aogán Ó Rathaille mar shampla amháin. Bhuel, ní féidir Aogán Ó Rathaille a thuiscint – gan amhras caithfidh tú an teanga a bheith agat – ach chomh maith leis sin caithfidh tú tuiscint éigin a bheith agat don tseachtú haois déag in Éirinn, caithfidh tú tuiscint a bheith agat ar cad a bhí i gceist leis an Seacaibíteachas, leis na trí Ríochta agus mar sin de. Agus gan amhras caithfidh tú tuiscint a bheith agat ansan ar cad a bhí ar siúl laistigh de shaol na Gaeilge é féin chomh maith. Dá mbeifeá ag dul amach, cuir i gcás, ar fhilíocht Sheáin Uí Ríordáin, agus bíonn sé ar na cúrsaí an t-am go léir, agus bhí tráth ann nuair nár ghá mórán cúlra a thabhairt do dhaoine maidir le Seán Ó Ríordáin mar gur bhain sé go hiomlán le saol na linne agus daoine a bhí cráite faoi chúrsaí creidimh. Agus ba dhuine é Seán Ó Ríordáin a bhí cráite go héag mar gheall ar chúrsaí creidimh agus an té ná tuigfeadh é sin agus ná blaisfeadh é sin ní dóigh liom go mbeadh puinn cur amach aige ar canathaobh go raibh an fear bocht seo cráite ag an gcreideamh agus tá sé sin imithe as an saol ar fad. Agus chun é sin a thuiscint níor mhór duit stair na hÉireann a bheith agat, níor mhór dul siar dhá chéad bliain, níor mhór duit eolas a bheith agat ar stair an Chaitliceachais in Éirinn agus san Eoraip chomh maith céanna, níor mhór duit eolas a bheith agat ar an diagacht. Dá bhrí sin táid ar fad snaidhmthe le chéile. Ní féidir an stair a thuiscint gan an tíreolas, ní féidir an tíreolas a thuiscint gan gné éigin den stair. Cad is brí leis an Eoraip? Bímid ag caint ar an Eoraip an t-am go léir – an ceantar réigiúnach nó ceantar geografúil atá ann? Agus is ea go pointe. Ach tá i bhfad níos mó ná sin i gceist – tá tuiscintí áirithe a bhaineann leis an Léann Daonna a thosaigh a deirtear leis na Gréagaigh agus dá bhrí sin, abair, canathaobh ná baineann an Mharóic leis an nGréig? Canathaobh go bhfuil amhras orainn maidir leis an Tuirc? Mar go bhfuil siad lasmuigh, de réir tuiscintí áirithe a tháinig chun cinn de réir a chéile. Bíonn polaiteoirí ag caint go huaillmhianach agus go slímeadúil más maith leat mar gheall ar an Eoraip ach ní chiallaítear in aon chor cad é. Chuir George Steiner an cheist uair faoi cén áit a stopann an Eoraip nó a thosaíonn an Eoraip agus dúirt sé go stopann sé sna cafés liteartha i gcathair Pheadair, nó St. Petersburg, gur tharla rud éigin lastoir de sin a bhí éagsúil leis an rud a bhí laistiar de. Dá bhrí sin, is beag smaoinemh nó tuairim atá againn amuigh ansan nach féidir linn iad a cheangal le rud éigin eile. Abair an fhealsúnacht féin – ní hionann fealsúnacht na hEorpa agus fealsúnacht na hAfraice má tá a leithéid de rud, nó fealsúnacht an Oirthir. Agus arís, go leor leor de na tuiscintí a bhaineann le cúrsaí litríochta, baineann sé le... fásann sé aníos as tuairimí a bhain leis an bhfealsúnacht.

Chuaigh Nietzsche go mór i bhfeidhm ar scríbhneoirí áirithe, agus ar ndóigh an dream go mbímse ag cur ina gcoinne go láidir mar bhí sé go mór ann nuair a bhíos féin ag fás suas – na heisintiúlaigh – gabh mo leithscéal na *hexistensialaigh*, a bhí sa Fhrainc, Sartre agus Camus agus iadsan agus is dóigh liom gur loit siad an litríocht ar feadh i bhfad mar cheap daoine gur rud gránna ab ea an litríocht, gur rud gránna ab ea an saol. Ach arís, chun an saghas litríochta sin a thuiscint níor mhór duit eolas éigin a bheith agat ar a leithéid sin. Dá bhrí sin, an Léann Daonna – is cuma cad é, is dóigh liom gur slabhra nó gur ceangal nó gur pacáiste mór amháin atá ann. Agus an té atá ag plé leis ceart go leor is féidir leis an duine sin a bheith ina shaineolaí ar ghné bheag amháin de ach mura bhfuil ionat ach saineolaí den ghné bheag amháin ní dóigh liom gur saineolaí tú ar rud ar bith. Níl a fhios agam cérbh é an duine a dúirt – ní thuigfeadh duine Éire an té a thuigfeadh Éire amháin. Agus ansan mar a chéile leis an Léann Daonna – ní thuigfeadh duine an Léann Daonna mura dtuigfeadh sé ach póca beag amháin de mar is aon teaghlach amháin é. Agus is é atá sa Léann Daonna ar deireadh ná an t-eolas san a leagtar ar a shon féin. Ní dhéanaimid é toisc go bhfuil...ní siúinéireacht í agus ní grósaeireacht í agus ní gréasaíocht í agus ní déanamh maidí rámha atá ann, nó ní adhlacóireacht atá ann – sé sin le rá níl aon bhrabús le baint as an Léann Daonna láithreach bonn buí. Ach déanaimid é toisc go dteastaíonn uainn eolas a bheith againn ar canathaobh go bhfuilimid anseo, cad is brí leis an mbeatha – b’fhéidir gur ceistanna buillí iad seo ar fad ach sin an fáth go leanaimid díobh. Agus ní hé go bhfaighimid aon fhreagra ach gabhaimid tamall den bhóthar agus sé an bóthar san atá suimiúil dúinn go léir...go bhfuilimid ag cur eolais ar na crainn agus ar na bláthanna agus ar na cúlbhóithríní ar thaobh na slí agus gur dócha gur saibhre sinn dá bharr.



## Téacs

*Sumanna, pointí agus scrúdú*

*Dá fheabhas iad na sumanna is ea is fearr an eacnamaíocht*

Tugaim faoi deara go bhfuil níos mó pointí le bronnadh ar na daoine a dhéanann sumanna san Ardteistiméireacht feasta. Tá biorchloigne amuigh ansin áit éigin a cheapann dá fheabhas iad na sumanna is ea is fearr an eacnamaíocht.

Ní foláir nó fuair siad an freagra seo in íochtar duillí tae ar thóin chupáin i seanchupard iar-Thaoisigh, mar ní léir aon fhianaise a bheith ann a thacódh leis faoi sholas geal an lae. Go deimhin, léimeann sé suas sa phus ort mar a bheadh madra allta ann gurb iad lucht sumanna a dhéanamh is mó a dhein an mhísc orainn agus is mó is ciontach le tubaist na tíre. Ná ní féidir a áiteamh nach raibh na habacais is déanaí acu, abacais leictreonacha fiú agus iad plugáilte isteach in eangach mhór an áirimh atá ina mogallra ar fud an tsoil. Na hintinní is géire cúilfhéith agus na hinchinní is fairsinge stuif liath, is iad a bhí ag gabháil do na sumanna thuas seal agus thuas seal agus thuas seal. Fós féin, nuair a bhí an uimhríocht ar fad istigh, fuarthas go raibh poll gan ghrinneall in airgeadas an Stáit.

Ar an gcuma chéanna is a bhfuiltear ag iarraidh ar na heacnamaithe céanna teacht i gcabhair orainn is a threoraigh go himeall na faille sinn, táthar ag tabhairt pribhléide do na tuiscintí céanna is a dhein an dochar an chéad lá riamh. Ó sea, má seagh, déarfár nárbh iad na sumanna a dhein an t-aimhleas agus an anachain ach na daoine a bhí á n-ionramháil. Sin é go díreach an marc agus an ponc agus an pointe. Ní haon mhaith dúinn an lucht sumanna is fearr agus is oilte agus is méarmhire a bheith againn mura bhfuil a fhios acu cad chuige na figiúir sa chéad áit. I ndeireadh na scríbe ní bheidh a fhios acu cad chuige na figiúir mura bhfuil tuiscint níos leithne ná na figiúir acu, agus ní hiad na figiúir amháin a thabharfaidh an tuiscint sin dóibh.

Níl mise ar dhuine den bhuíon sin a cheapann go bhfuil deighilt go héag, ná fál go haer féin, idir na dána agus na heolaíochtaí, nó idir an léann daonna agus na hábhair chrua a bhfuil -aíocht san eireaball acu. Ná ní duine mé atá chomh saonta sin is a thabhairt le fios go ndéanann na daonnachtaí níos daonna sinn. Tá léirithe le fada go raibh na Naitsithe chomh ceanúil ar an gceol clasaiceach le duine ar bith a éistean go rialta le Lyric FM. Bhí Beethoven á sheinneamh go máistriúil le binneas fad is a bhí daoine ina scuaidríní leo go dtí na seomraí gáis. Má bhog sé a gcroí, níor athraigh sé a n-intinn. Canann taidhgíní sráide peile Nessun Dorma sula gcuireann siad scian i nduine de lucht leanúna na foirne eile.

Ní chuige sin na daonnachtaí ná na dána go mbeadh daoine níos deise agus níos solabhartha lena chéile. Níl aon chruthúnas againn gur éirigh le bean ar bith pósadh níos sármheasta a dhéanamh tar éis dóibh Jane Austen a léamh, cé go bhfuil taighde ann a thaispeánann gur mó an seans a bheidh ann go léifidh siad Mills&Boon feasta. B'fhéidir go gceapfá go raibh cisil nó sraitheanna éagsúla id' phearsa nuair a leagfá Freud uait, ach ní fhaca Freud féin go rabhthas ag teacht faoina dhéin mar Ghiúdach sna blianta ar thairseach an chogaidh, agus in ainneoin a chuid gaoise níor shamhlaigh sé riamh gur luaithreach a dhéanfaí dá dheirfiúracha san uileloscadh.

Is é atá sa léann daonna ná slabhra a cheanglaíonn ár gcuid tuiscintí le chéile. Uaireanta, is slabhra an-scaoilte é ar sileadh go bog ó ábhar go hábhar. Uaireanta eile, is nasc níos daingne é, ina dhiaidh sin níos cosúla le gliú, nó arís eile, macalla fann idir beanna i bhfad óna chéile. Ach ní féidir dul saíte sna dána gan a lánfhios a bheith agat go bhfuil na dána eile ann. Agus ní féidir dul lasmuigh de na dána agus a bheith beag beann orthu.

An plé a déanadh ar thábhacht na sumanna is plé laistigh de na dána a déanadh, óir ní féidir leis na sumanna féin a dtábhacht féin a thuairisciú. Is é tromán agus trumpa na ndaonnachtaí ná go bhfuil na sumanna róluachmhar le go bhfágfaí faoi lucht sumanna amháin iad, go bhfuil an pholaitíocht rólárnach lena fágaint faoi na polaiteoirí, an bhaincéireacht róchontúirteach le bheith i lámha na mbaincéirí, an eacnamaíocht róleamh lena scaoileadh faoi na heacnamaithe, an t-oideachas róleathan le húdarás air a thabhairt d'oideachasóirí amháin, an litríocht ró-iontach le go gciallódh criticeoirí í. Is gá an-chuid fianaise a mhúchadh lena chruthú nach bhfuil aon bhaint ag na sumanna le saol na ndán a mairimid ann.

*The Irish Times* – Alan Titley. 28 Deireadh Fómhair 2010.  
Le caoinchead ó *The Irish Times* agus ón údar.